# Plean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Chósta agus Oileáin Chonamara

## Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn – Samhain 2021



CAITN

Fáilte Ireland

# Contents

Cúpla focal ó Chomhchathaoirligh CAITN .......... 01
Plean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Chósta agus Oileáin Chonamara .......... 02
Teachtaireacht ó Fáilte Ireland .......... 03
Fáilte Ireland agus VEDP Chonamara .......... 04
Tacaíochtaí COVID-19 ó Fáilte Ireland .......... 08
Freagra Margaíochta CAITN ar COVID-19 .......... 10
Comhairle Chontae na Gaillimhe .......... 12
Údarás na Gaeltachta .......... 14
Dún Aonghasa agus Séadchomharthaí Náisiúnta Árainn – OPW .......... 16
Mainistir na Coille Móire & Gairdín Múrtha Victeoiriach .......... 19
Páirc Náisiúnta Chonamara .......... 20
Tionchar VEDP go dtí seo .......... 21
A bhfuil i ndán do Chonamara .......... 27
Ballraíocht de Ghrúpa Forfheidhmithe CAITN .......... 28



An Clochán, Conamara, Co na Gaillimhe
Clúdach: Oileán na Pine, Loch Dhoire an Chláir, Co na Gaillimhe

Fáilte Ireland
CAITN

# Cúpla focal ó Chomhchathaoirligh CAITN



## Mar a thosaigh sé...

Is é CAITN *Líonra Turasóireachta Chonamara* agus na nOileán agus bunaíodh é in 2018 tar éis moladh i *bPlean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Fáilte Ireland (VEDP) do Chonamara & na hOileáin*. Is líonra turasóireachta neamhspleách neamhbhrabúis é CAITN a dhéanann ionadaíocht ar leasanna na bpáirtithe leasmhara uile i dtionscal na turasóireachta sa réigiún. Tagann an Grúpa Forfheidhmithe de 20+ geallsealbhóir le chéile gach ráithe chun maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh tionscadal turasóireachta inbhuanaithe, gach rud ó mhargaíocht go forbairt táirgí.

## Buaicphointí go dtí seo...

Táimid anois os cionn leath bealaigh tríd an bplean cúig bliana. Dúinne, Comhchathaoirligh CAITN, bhí trí bhuaicphointe mhóra ann go dtí seo. Ar an gcéad dul síos, bhí fiúntas suntasach le **comhar agus comhoibriú** nach féidir a mheas faoina luach. Trí phríomhpháirtithe leasmhara ó ghníomhaireachtaí stáit, grúpaí áitiúla agus tionscail (soláthróirí gníomhaíochta, nithe is díol spéise, agus soláthraithe cóiríochta) a bheith rannpháirteach sa phlé, cumasaíodh dul chun cinn comhordaithe a dhéanamh ar an bplean, go háirithe ó thaobh forbairt táirgí agus margaíochta. Ar an dara dul síos, roimh COVID-19 bhí sé an-spreagúil a fheiceáil go raibh **séasúr na turasóireachta ag leathnú** ar gach taobh agus gnólachtaí ag fanacht ar oscailt níos faide – táimid ag tnúth leis seo a thabhairt ar ais feadh ár bpíosa álainn de Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Ar an tríú dul síos, tá ag éirí go maith leis **an dul chun cinn suntasach ar Ghlasbhealach Chonamara**. Is mór an t-údar misnigh do gach duine atá bainteach leis an turasóireacht rolladh amach leanúnach na sócmhainne móire seo – chun leasa cuairteoirí agus pobal araon.


## An chéad chéim eile...

Nuair a dúnadh earnáil na turasóireachta sa réigiún agus sa tír ar fad de dheasca COVID-19, léirigh sé a luachmhaire atá an earnáil dár ngeilleagar réigiúnach agus nach féidir dearmad a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann léi. Ag an bpointe leath bealaigh den straitéis VEDP, tá súil againn go n-oibreoidh na páirtithe leasmhara uile go dian lena chéile chun an chuid eile den phlean seo a thabhairt chun críche. Tá sé in am atosú agus tugann an chloch mhíle shuntasach seo deis dúinn athmheasúnú a dhéanamh ar an áit ina bhfuilimid, an méid atá fágtha le críochnú, agus pleanáil a dhéanamh ar an gcaoi a mbainfimid amach é. Tá an-chuid fuinnimh léirithe ag an nGrúpa Forfheidhmithe agus é ag tacú le gníomhaíochtaí ar leith ón VEDP agus fáiltímid roimh bhreis gníomhaíochtaí.

## Buíochas le...

- Gan trácht ar dhaoine, gnólachtaí nó eagraíochtaí ar leith ba mhaith linn Míle Buíochas a thairiscint do chách as an meitheal dochreidte a thug go dtí an pointe seo muid.
- Buíochas faoi leith le foireann Shlí an Atlantaigh Fhiáin i Fáilte Ireland as muid a choinneáil ar bhóthar ár leasa agus as an tacaíocht gan staonadh atá tugtha acu do CAITN ó bunaíodh é.

Le meas,
**Dominic O Móráin & Terry O'Toole – Comhchathaoirligh CAITN**



# Plean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Chósta agus Oileáin Chonamara

## Achoimre





Bhí sé mar aidhm ag Plean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Chósta agus Oileáin Chonamara (VEDP), a seoladh i mí an Mhárta 2018, uasmhéadú a dhéanamh ar an deis a bhí ann cheana chun bealaí nua a aimsiú le cúlra tírdhreacha agus scéalta an-speisialta an cheantair a úsáid, chun leanúint de bheith ag spreagadh an chuairteora – ag athbheochan na ndaoine atá ag lorg naisc bharántúla le cultúr áitiúil na hÉireann agus leis an nGaeilge, ag tabhairt luach saothair don intinn mhachnamhach agus ag tabhairt dúshláin dóibh siúd atá ar thóir eachtraíochta.

**FÍS:** Ceapadh an Plean chun na hoibreoirí agus na heagraíochtaí go léir a bhfuil baint acu le táirge turasóireachta a sholáthar a spreagadh chun treisiú agus breisluach a chur leis an eispéireas trí ailíniú a dhéanamh leis na scéalta agus na téamaí a sainaithníodh ann agus díriú ar na codanna margaidh a bhaineann leo siúd atá Fiosrach ó thaobh an Chultúir de agus na Mór-Eachtránaithe. Ba í an fhís an séasúr a leathnú agus cuairteoirí a mhealladh chun dul i ngleic le fíorbhrí agus scéal Chósta agus Oileáin Chonamara gan cur isteach ar thimpeallacht nó ar chultúr an réigiúin. Tá cuairteanna ar Chósta Chonamara agus ar na hOileáin ag dul i méid, le brú á mhothú go láidir i gceantair áirithe agus tá ceantair eile den tuairim go bhfuil siad fágtha ar gcúl. Cé go bhfuil sé deacair teacht ar shonraí cainníochtúla don cheann scríbe, tugann aiseolas ó ghnólachtaí le tuiscint go bhfuil fás foriomlán i gceist ar líon na gcuairteoirí go hÉirinn agus Contae na Gaillimhe. Is é an bealach chun cinn do Chósta agus Oileáin Chonamara ná trí chomhpháirtíochtaí láidre, eispéiris spéisiúla a chur ar fáil, agus béim ar an scéal a chur in iúl don chuairteoir – iad a spreagadh chun taisteal lasmuigh den séasúr, fanacht níos faide agus leas a bhaint as croílár an stráice cósta seo.

**TÍREOLAÍOCHT:** Is ceantar geografach é Conamara in iarthar Chontae na Gaillimhe ina bhfuil lochanna, aibhneacha, sléibhte, aillte, tránna iontacha, agus an t-aon fiord in iarthar na hÉireann, meastar le fada go bhfuil Conamara ar cheann de na háiteanna is áille ar domhan. Is í seo an chuid de Chontae na Gaillimhe a thosaíonn díreach siar ó Chathair na Gaillimhe, le Loch Coirib ar an taobh thoir, Cuan an Chaoláire Rua ó thuaidh agus Cuan na Gaillimhe agus an tAigéan Atlantach ar an taobh thiar. Cuimsítear na trí oileán Árann agus Inis Bó Finne i gceann scríbe Chonamara.

**GEALLTANAS CEANN SCRÍBE:** Mothaigh an ghaoth agus na ceocháin farraige, éist le gairm an fhiántais, déan taiscéalaíocht ar an "áilleacht fhiáin", faigh blaiseadh de nádúrthacht an spioraid Ghaelaigh – agus bí spreagtha.




## Téamaí VEDP:

- Fiántas, Traidisiún & Nuálaíocht
- Góilíní & Oileáin
- Teacht Aniar & Éirí Amach
- Spreagtha ag Conamara & na hOileáin

# Teachtaireacht ó Fáilte Ireland




Seoladh VEDP Chósta agus Oileáin Chonamara i mí an Mhárta 2018 agus bhí sé ar cheann de na chéad phleananna den sórt sin ag Fáilte Ireland.

D'éirigh go maith leis ó seoladh é, mar gur thug sé an earnáil phoiblí agus phríobháideach le chéile i gcreat comhoibríoch forásach, agus é mar aidhm aige cuairteoirí a scaipeadh i ngach cuid den réigiún, cuairt a spreagadh le linn na seachbhuaice, agus am agus ioncam a chothú. Tá obair dochreidte curtha ar fáil go dtí seo mar chuid den VEDP ag CAITN (Líonra Turasóireachta Chonamara agus na nOileán), faoi cheannaireacht Terence O'Toole agus Dominic O Mórain. Rinneadh an oiread sin dul chun cinn sa chéad dá bhliain agus cé gur bhuail an phaindéim leath bealaigh trínár bplean 5 bliana, bhí an líonra turasóireachta láidir agus cuireadh tosaíochtaí in oiriúint chun déileáil leis an ngéarchéim. Agus muid ag úsáid na huaire seo chun machnamh a dhéanamh ar an obair iontach ar fad a rinneadh i gConamara ó 2018 i leith, agus ar gach a bhfuil bainte amach againn le chéile mar cheann scríbe turasóireachta, cuirim fáilte roimh an deis chun ár n-iarrachtaí a athdhíriú ar ár dtosaíochtaí don todhchaí anois agus muid ag téarnamh ó COVID-19 agus ag bogadh ar aghaidh go 2022 agus ina dhiaidh sin.

Ba mhaith liom ballraíocht CAITN a mholadh as an mbealach inar chuimsigh siad bunbhrí na straitéise VEDP agus a comhchuspóirí, agus as a ngníomhaíochtaí a chur chun cinn thar ceann a n-earnálacha aonair agus a gceantar áitiúil.

Táimid an-bhródúil as an gcomhpháirtíocht láidir a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas le baill CAITN, lenár gcomhpháirtithe tionscail, agus le foireann Shlí an Atlantaigh Fhiáin i Fáilte Ireland. Leanfaimid de bheith ag obair go dlúth libh thar thréimhse an phlean seo agus muid ag iarraidh fás inbhuanaithe a bhaint amach sna blianta amach romhainn, rud a mbeidh tionchar dearfach aige ar an tionscal anseo.

Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh lenár n-aistear comhroinnte chun Conamara agus na hOileáin a fhorbairt mar cheann scríbe saoire den chéad scoth.



**Miriam Kennedy**

Ceannasaí Shlí an Atlantaigh Fhiáin
Fáilte Ireland

WILD ATLANTIC WAY
SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

# Fáilte Ireland agus VEDP Chonamara

## Forbairt Táirgí:

Agus é á aithint aige gurb í Forbairt Eispéireas an ealaín agus an eolaíocht teachtaireacht chomhsheasmhach a chur ar fáil a spreagann tomhaltóirí le linn a n-eispéiris taistil, tá maoiniú suntasach curtha ar fáil ag Fáilte Ireland chun an táirge turasóireachta i gConamara a fhorbairt ó foilsíodh an VEDP, lena n-áirítear na tionscadail chatalaíocha thíos:

- **Deontais Chaipitil Mhóra agus Scéimeanna Deontais Comhpháirtíochta Straitéisí**

  1. Maoiniú €500,000 don chuid ó Bhaile na hInse go dtí an Clochán de Ghlasbhealach Chonamara ar a bhfuil obair ar siúl anois. Is príomhthionscadal bonneagair turasóireachta é Glasbhealach Chonamara atá á fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe, an Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (ORIS), agus an Roinn Iompair.
  2. €1.9 milliún faoi Chomhpháirtíocht Straitéiseach na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) do Pháirc Náisiúnta Chonamara chun siúlóidí a fhorbairt agus ionad cuairteoirí a uasghrádú – cosáin nua a dhearadh agus a léirmhíniú a uasghrádú.
  3. €1.7 milliún chuig Mainistir na Coille Móire i dtreo uasghrádú a dhéanamh ar léirmhíniú laistigh den Mhainistir.
  4. €450,000 faoi Chomhpháirtíocht Straitéiseach Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) le haghaidh obair athfhorbartha ag Ionad Cuairteoirí Dhún Aonghasa agus léirmhíniú do 10 pointe cuairteora eile ar Árainn/Inis Mór.

- **Scéim Deontas Caipitil Beag New Horizons 2018**

  Sheol Fáilte Ireland Scéim Deontas Caipitil Beag nua in 2018 le haghaidh nithe is díol spéise nua do chuairteoirí agus cinn atá ann cheana ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, a bhaineann go sonrach le dhá shuíomh VEDP – Na Scealga agus Conamara. Fuarthas 23 léiriú spéise san iomlán, agus chuaigh 11 acu ar aghaidh go céim an iarratais. Tar éis próiseas láidir meastóireachta, moladh 5 iarratasóir i gConamara le haghaidh maoiniú suas le €200,000.



Pointe Aitheantais ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin ag Deirgimleach, An Clochán, Co na Gaillimhe

1. Ionad Oidhreachta Árann
2. Eispéireas Cuairteoirí ar Oileánra Ghaeltacht Chonamara
3. Foirgneamh críochfoirt nua Fiord an Chaoláire Rua
4. Ionad Naisc Trasatlantacha
5. Iarnród Chonamara

Tá na tionscadail seo ag dul trí chéim chomhlíonta an phróisis iarratais faoi láthair agus táthar ag súil go bhféadfar dul chun cinn a dhéanamh orthu in 2022.

- **Tionscnamh na mBailte Cinn Scríbe**

  Bronnadh €500,000 ar an gClochán faoin tionscnamh Fáilte Ireland seo atá á riaradh trínár gcomhpháirtithe údaráis áitiúil Comhairle Chontae na Gaillimhe. Mar gheall ar shrianta COVID-19, síneadh spriocdháta an tionscadail go R1 2022.

- **Maoiniú Féilte & Imeachtaí Réigiúnacha**

  Ó 2018 go 2020 leithdháil Fáilte Ireland maoiniú €49,675 ar fhéilte i gConamara tríd an gclár Féilte & Imeachtaí Réigiúnacha a riarann an t-údarás áitiúil nó trí mhaoiniú díreach faoinár gClár Nuálaíochta Féilte. Bhain Féile Ealaíon an Chlocháin agus an chéad Fhéile Alcock & Brown leas as an maoiniú seo.

## Imeachtaí Líonraithe:

Éilíonn VEDP Chonamara go gcuirfí feabhas ar chomhoibriú agus ar thras-chur chun cinn i measc na gcomhpháirtithe tionscail ar fad agus, leis seo san áireamh, d'éascaigh Fáilte Ireland imeachtaí líonraithe an-rathúla i gcomhpháirtíocht le CAITN. Ba é an ceann is rathúla de na himeachtaí seo ná ócáid líonraithe CAITN Dé Céadaoin, 13 Márta 2019 in Óstán Peacockes, An Teach Dóite. Deis luachmhar líonraithe a bhí san ócáid agus chuir sé ardán ar fáil do chomhpháirtithe Ceannaireachta CITTN agus VEDP chun a chuid oibre a chur i láthair do pháirtithe leasmhara agus a phleananna chun tacú le tionscal turasóireachta Chonamara a leagan amach go ceann 12 mhí ina dhiaidh sin. D'fhreastail 160 chomhpháirtí de chuid an tionscail ar an imeacht, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe.



Údarás Fáilte Éireann le baill ón earnáil turasóireachta Chonamara ag Notre Dame, Mainistir na Coille Móire i Meán Fómhair 2019

## Tacaíochtaí Fiontair, Meantóireacht agus Oiliúint:

Is é aidhm Fáilte Ireland go bhfaigheadh gach cuairteoir blaiseadh den tseirbhís den scoth a bhfuil cáil bainte amach ag ár tionscal anseo in Éirinn ina leith. Chuige sin, i gConamara, chuireamar oiliúint **Sármhaitheas Seirbhíse do Chustaiméirí** ar fáil don fhoireann túslíne i ngnólachtaí turasóireachta. Chríochnaigh roinnt gnólachtaí an oiliúint sin go hinmheánach do 75% dá bhfoireann agus bhain siad amach an Gradam don Scoth i Seirbhís Gnó. Thug an clár seo na scileanna don fhoireann chun:

- eispéireas ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí ó theacht go himeacht,
- imprisin bhuan agus eispéiris speisialta a chruthú,
- a léiriú conas an teagmháil phearsanta a chur leis,
- aiseolas a spreagadh agus gearáin a bhainistiú,
- teicnící athdhíola agus trasdhíola.

Ina theannta sin, ghlac 25 gnólacht turasóireachta atá suite go straitéiseach páirt sa chéad **Chlár Gníomhachtaithe Modúlach VEDP** riamh de chuid Fáilte Ireland a dhírigh ar oiliúint díolacháin ó Mheán Fómhair 2019 go Feabhra 2020. Tugadh rath an chláir seo faoi deara go náisiúnta agus is é anois an treoirphlean do Chláir Gníomhachtaithe VEDP i gceantair eile VEDP ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus na Tascfhórsaí éagsúla um Aisghabháil Cinn Scríbe a bunaíodh mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19.

Ghlac baill d'fhochoiste Díolacháin & Margaíochta CAITN páirt i **Straitéis Cinn Scríbe Meán Sóisialta** Fáilte Ireland a leanann de bheith gníomhach in 2021 agus a bhfuil feabhas suntasach tagtha ar láithreacht Chonamara ar na meán sóisialta ar líne.

Chomh maith leis sin, chuir Fáilte Ireland oiliúint agus meantóireacht ar **Scileanna Ceannaireachta** níos fearr ar fáil don bhainistíocht shinsearach chun cabhrú leo ullmhú le freastal ar imeachtaí Trádála Taistil in Éirinn, mar shampla Meitheal.

In 2020, cuireadh **Clinicí Diagnóiseacha Gnó** (ar líne) ar fáil do phríomhghnólachtaí turasóireachta chun cabhrú leo na chéad chéimeanna eile is fearr dá ngnó a chinneadh. Fuair siad sainchomhairle airgeadais agus treoir maidir le hábhair ar nós buiséadú sa ghearrthéarma, bainistiú fiachais, oibríochtaí amach anseo, lena n-áirítear acmhainní daonna, úsáid sócmhainní agus oiriúnú gnó.

Seachadadh **Clár Taithí Indíolta** chun cuidiú le gnólachtaí spriocdhírithe a dtaithí a dhíol leis an margadh idirnáisiúnta. D'fhoghlaim rannpháirtithe na scileanna chun cur i láthair scríofa a chruthú do cheannaitheoirí agus bileog eolais B2B, a úsáidtear i dtreoirleabhair cheannaitheora Fáilte Ireland.

Seachadadh **Cláir Saineolaithe Áitiúla** do bhaill foirne túslíne sa Chlochán agus sa Teach Dóite, chun **líonra Saineolaithe Áitiúla Chonamara agus na nOileán** a fhorbairt. Bhí na ceardlanna spraíúil, saor in aisce, faisnéiseach agus ba dheis iontach iad chun líonrú a dhéanamh le daoine eile ar fud an réigiúin ag comhroinnt scéalta agus eolais ar sheoid rúnda.

## Meáin Díolacháin agus Poiblíocht:

Bhí roinnt ionadaithe ó earnáil turasóireachta Chonamara urraithe ag Fáilte Ireland chun freastal ar **imeachtaí díolacháin thar lear** a bhí dírithe go háirithe ar mhargadh na Fraince in 2018 agus 2019 chun ionadaíocht a dhéanamh ar an gceann scríbe. I measc na rannpháirtithe bhí Teach Stáisiúin an Chlocháin, Dan O'Hara's Homestead, Lóiste Loch Eidhneach, Óstán Chaisleán Bhaile na hInse, DK Oisrí Chonamara agus Builín Blasta, an Spidéal.

I mí na Samhna 2019 rinne Fáilte Ireland scéim phíolótach maidir le **Seó Bóthair Ceannaitheoirí VEDP B2B** i gCathair na Gaillimhe, rud a thug deis do 20 gnólacht turasóireachta i gConamara bualadh le 10 ball ITOA agus OTA den chéad uair riamh. Bhí go leor conarthaí nua ann mar thoradh air sin agus tá súil againn an cheardlann a óstáil arís agus téarnamh na turasóireachta idirnáisiúnta go hÉirinn tar éis COVID-19 a spreagadh.




Tugann Fáilte Ireland iriseoirí baile agus thar lear chuig Conamara agus na hOileáin go rialta chun scoth an réigiúin a thaispeáint. Cuireann muid an réigiún chun cinn freisin do thionscnóirí turas ar **thurais aithne** chuig Conamara agus na hOileáin, cathair agus contae na Gaillimhe.

Le blianta beaga anuas, tá Fáilte Ireland ag obair i gcomhar le **Seó Ryan Tubridy**, ag craoladh ó áiteanna éagsúla ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin gach maidin ar feadh na seachtaine. In 2019 craoladh an seó beo ó Árainn/Inis Mór ina raibh agallaimh le gnólachtaí turasóireachta áitiúla ar fud an réigiúin VEDP inar pléadh an iliomad gníomhaíochtaí agus eispéiris atá ar fáil.

## Feachtais Mhargaíochta:

I mí an Mheithimh 2020, tugadh spreagadh d'Éireannaigh leis an bhfeachtas **Make a Break for It** de chuid Fháilte Éireann a gcuid málaí a phacáil agus gach a raibh ar fáil in Éirinn a fhiosrú. Shroich an infheistíocht ilchainéil €2.5 milliún seo 97% de dhaoine fásta uile na tíre agus mhair sí ar feadh 12 seachtaine, dírithe ar mhuintir na hÉireann a spreagadh chun saoire a ghlacadh in Éirinn. Bhí sé d'aidhm iad a spreagadh agus eolas a thabhairt dóibh faoi na háiteanna ar féidir cuairt a thabhairt orthu agus na nithe ar féidir a dhéanamh ar fud na réigiún go léir, agus a dheimhniú dóibh go raibh sé sábháilte taisteal in Éirinn. Bhí an-tóir ar Chonamara san fheachtas 2020 agus tá sé le feiceáil freisin san fheachtas **Keep Discovering** in 2021.

Nochtadh feachtas margaíochta baile €4 milliún de chuid Fáilte Ireland ar an 24 Bealtaine 2021 toisc go raibh earnáil na turasóireachta ag ullmhú le hoscailt don séasúr. Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas **'Keep Discovering'** de chuid Fáilte Ireland laethanta saoire baile a chur chun cinn i gcomhair 2021, agus borradh a chur faoi thionscal turasóireachta na hÉireann.

Tá fógraíocht ar siúl ar fud na teilifíse, an phreasa, an raidió, na pictiúrlainne, Caidrimh Phoiblí (PR), na gcainéal digiteach agus lasmuigh chun daoine a spreagadh agus a chur i gcuimhne do mhuintir na hÉireann an lúcháir a bhaineann le saoirí in Éirinn a bhlaiseadh de réir mar a thosaíonn siad ag athcheangal lena chéile.

Tá réigiún Chonamara go mór le feiceáil san fheachtas, mar a fheictear sa ghrianghraf thíos ón bhFógra Teilifíse náisiúnta, a thaispeánann imeachtaí eachtraíochta ar uisce ar Fhiord an Chaoláire Rua.



# Tacaíochtaí COVID-19 ó Fáilte Ireland

## Mol Tacaíochtaí Gnó Ar Líne




Is é príomhthosaíocht Fáilte Ireland do 2021 tacú le gnólachtaí turasóireachta agus fáilteachais na hÉireann maireachtáil, athoscailt agus aisghabháil ó thionchar na géarchéime COVID-19. Agus sin san áireamh, tá raon leathan tacaíochtaí gnó forbartha againn chun ár gcomhpháirtithe tionscail a threorú agus a ngnóthaí á n-oibriú acu le linn COVID-19.

Tabhair cuairt ar an mol saincheaptha tacaíochtaí gnó ar www.failteireland.ie ar a bhfuil léargas saineolaithe, tacaíochtaí gnó, trealamh uirlisí, comhairle agus go leor eile.

Cuireann tionscal na turasóireachta go mór le sochaí na hÉireann agus tá acmhainní uile Fáilte Ireland dírithe go daingean ar chabhrú leis an earnáil a chobhsú agus a atógáil.

## Cairt Sábháilteachta COVID-19




Taispeánann taighde léargas tomhaltóra Fáilte Ireland feadh na paindéime in 2020 agus 2021 gur ábhar mór imní í an tsábháilteacht agus daoine ag pleanáil turais bhaile amach anseo. Dearadh Cairt Sábháilteachta COVID-19 nua do shéasúr 2020 chun muinín na dtomhaltóirí a threisiú. Agus iad ag síniú leis an gcairt, gheall gnólachtaí gur lean a gcuid fostaithe go léir treoirlínte oibríochta Fáilte Ireland agus go raibh an clár oiliúna um Rialú um Chosc ar Ionfhabhtaithe curtha i gcrích acu. Thug an Chairt Sábháilteachta dearbhú d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do chustaiméirí go raibh an gnó réidh le hathoscailt go sábháilte.

Go dtí seo, chláraigh beagnach 400 gnó i gCathair agus i gContae na Gaillimhe don Chairt Sábháilteachta COVID-19, a bhfuil a bhformhór lonnaithe i gceann scríbe Chonamara. Chun tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.failteireland.ie/apply-covid-19-safety-charter.aspx

## Oiriúniú maidir le COVID-19 agus Deontas ReStart Plus:




I mí Lúnasa 2020, sheol Catherine Martin TD, Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, ciste nua €26 milliún, chun cabhrú le gnólachtaí turasóireachta na costais a bhaineann le háitribh nó oibríochtaí a oiriúnú agus Treoirlínte Fáilte Ireland maidir le hAthoscailt le linn COVID-19 a chur i bhfeidhm. I measc na gcostas incháilithe bhí costais le haghaidh bacainní agus scáileáin chosanta, forbairt limistéar lasmuigh, Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) agus díghalrán.

I measc an iliomad iarratas rathúil a fuarthas ó ghnólachtaí i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe, bhí gnólachtaí Chonamara an-fheiceálach.

Rinne Fáilte Ireland an **deontas Re-Start Plus do Thithe Leaba is Bricfeasta** a riar agus arís bhí Gaillimh chun tosaigh i measc na réigiún chun leas a bhaint as.



Tumadóireacht aille ag Fiord an Chaoláire Rua , Co na Gaillimhe

# Freagra Margaíochta CAITN ar COVID-19

I mí an Mhárta 2020, chomhordaigh CAITN freagra margaíochta ar Covid. Feachtas gearr fógraíochta a bhí ann chun margadh baile na hÉireann a mhealladh chun fanacht i réigiún Chonamara & na nOileán i rith shamhradh na bliana 2020.


I measc na ngnéithe feachtais bhí fógraí náisiúnta raidió agus priontála le tacaíocht ó straitéis meán sóisialta agus straitéis ábhair. Bhí an feachtas dírithe ar 'Scaradh Sóisialta' agus ar 'Féin-Aonrú' agus ar an gcaoi a n-oireann an réigiún go maith dóibh sin, focail reatha atá coitianta anois.

Ba é an feachtas seo an feachtas is mó a comhordaíodh riamh don réigiún agus ón réigiún, le 27 rannpháirtí ó ghnólachtaí aonair agus ó ghníomhaireachtaí stáit. Ba é an chéad uair ar úsáideadh freisin an t-ainm branda 'Conamara & na hOileáin'.

Is é Shane Forsythe a dhear cruthaitheacht an fheachtais i gConamara – www.shaneforsythe.ie

## Torthaí an fheachtais:

- **Bailíodh agus caitheadh maoiniú €23,500** go díreach ar raidió, cló, ábhar agus margaíocht shóisialta.
- **€228,258** Coibhéis Luach Fógraíochta Feachtais (AVE). Foinse: TrueHawk Media.
- **8 Físeán Ardchaighdeáin** a cuireadh ar fáil do rannpháirtithe an fheachtais.
- **7 Alt Ardchaighdeáin** a cruthaíodh do Connemara.ie atá fós in úsáid.
- **Treocht** Bhí #Connemara ag treochtáil faoi dhó ar Twitter
- **Freastal Fógraíochta Sóisialta** 1,021,759 trí fhógraíocht Facebook.
- Tháinig méadú faoi cheathair ar **thrácht Connemara.ie** ó 2309 go 9356 YOY.
- **7103 Síntiúsóir Ríomhphoist** curtha le bunachar sonraí an chinn scríbe.
- **Réigiún Gnóthach** Thuairiscigh soláthróirí turasóireachta samhradh an-ghnóthach in 2020.





Cuid nua de Ghlasbhealach Chonamara

# Comhairle Chontae na Gaillimhe

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Tá tacaíocht an phríomhpháirtí, Comhairle Chontae na Gaillimhe ríthábhachtach do rath VEDP Chonamara. Gan comhoibriú agus saineolas údaráis áitiúil ní tharlódh go leor de na tionscadail chatalaíocha lena n-áirítear Glasbhealach Chonamara, cosáin siúil agus siúlóireachta, agus Gormbhealaí; gan trácht ar an bhfeabhsú suntasach ar shaoráidí cuairteoirí in áiteanna cósta agus ar oileáin amach ón gcósta.

Seo thíos léargas ginearálta ar thionscadail leanúnacha faoi stiúir Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

- Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe €40,000 trí Bhearta Luathaithe Baile agus Sráidbhaile chun gníomhaireacht dhigiteach a cheapadh chun tacú le sraith **tionscadal margaíochta comhoibritheach** a sheachadadh. Trí bhainistíocht athraithe agus chomhairliúchán, seachadadh **scáth-bhranda** nuashonraithe do 'Conamara agus na hOileáin'; cuireadh straitéis feachtais i bhfeidhm i rith shéasúr saoire 2021 agus isteach san idirshéasúr; coimisiúnaíodh sraith nua grianghrafadóireachta agus tá straitéis PR agus digiteach ag tacú le seachadadh tionscadal meán sóisialta agus físe a forbraíodh trí shruthanna maoinithe comhpháirtíochta. D'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe go dlúth le príomhpháirtithe leasmhara agus le príomhpháirtithe, **Cósta Gaelach Chonamara agus Árainn** (CGCÁ), a thug maoiniú suntasach a fuarthas trí LEADER/Fóram Chonamara d'fhonn na tionscnaimh mhargaíochta seo a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú.
- D'infheistigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i PR i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Turasóireacht Éireann chun clár a fhorbairt a dhaingnigh am craolta suntasach ar 239 stáisiún sna Stáit Aontaithe le tarchur sraith teilifíse. Ag tosú i mí Eanáir 2021 thacaigh 'Ireland: County by County' leis an gcuspóir Éire a choinneáil i samhlaíocht chuairteoir Mheiriceá Thuaidh le Mainistir na Coille Móire, Leitir Fraic, Sweathouse Saunas, The Misunderstood Heron, agus píosa le ceamara i nGaeilge ón bhfoireann ag An Garraí Glas mar chuid de Chonamara.
- Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tacú le CGCÁ. In 2018 thug an t-údarás áitiúil síolmhaoiniú €20,000 don chuideachta. In 2020; D'éascaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe úsáid láithreán gréasáin **Connemara.ie** chuig CGCÁ lena chinntiú go bhfanann Conamara ar cheann de na cinn scríbe turasóireachta is fearr in Éirinn – is é Connemara.ie an t-éadan siopa oifigiúil ar líne don cheann scríbe seo. De bharr go bhfuil an chuideachta CGCÁ ag bainistiú an láithreáin ghréasáin tá siad in ann rannchuidiú eacnamaíoch, comhshaoil agus cultúrtha na turasóireachta le geilleagar níos leithne Chonamara a uasmhéadú. Seoladh an láithreán gréasáin mar chuid den fheachtas iomlán i mBealtaine 2021.
- Tá obair shuntasach ar siúl chun an Clochán a fhorbairt mar cheann scríbe do chuairteoirí agus mar 'Áit Iontach le Maireachtáil'. In 2019, roghnaíodh an Clochán mar '**Bhaile Cinn Scríbe**' na Gaillimhe agus bronnadh €500,000 air ó Fáilte Ireland, agus chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe €166,000 leis an luach foriomlán tionscadail, sa bhreis ar acmhainní a chur ar fáil agus an tionscadal a stiúradh. Áirítear sa togra straitéis um nascadh agus léirmhíniú, cur i bhfeidhm sraithe léarscáileanna, comharthaíochta agus 'comhfhorbairt áite', feabhsuithe ar an réimse poiblí agus tionscadail 'ullmhachta Ghlasbhealaigh'.
- Bronnadh €1.056 milliún ar an gClochán freisin tríd an **gCiste Forbartha Athghiniúna Tuaithe** agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. Ailíneoidh na tionscadail a dhéanfar faoin gclár seo chun an tionchar is mó a bheidh ag leithdháiltí maoinithe a uasmhéadú agus cuirfidh siad go mór leis an mbealach a dhéanfaidh muintir na háite agus cuairteoirí araon nascleanúint agus an bealach a bhainfidh siad úsáid as príomhbhaile Chonamara.
- Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe uirthi ag forbairt líonra suntasach bonneagair a chuirfidh le taithí na gcuairteoirí i gConamara. Is é an príomhtháirge turasóireachta atá againn don réigiún ná **Glasbhealach Chonamara** atá ag dul chun cinn go maith agus codanna oscailte

don phobal anois. Tacaíodh leis an tionscadal trí chomhpháirtíocht le Fáilte Ireland, an Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (ORIS) agus an Roinn Iompair.

Tá €2 milliún leithdháilte ag an Roinn Iompair ar réamhfhorbairt na Gaillimhe chuig Uachtar Ard chun an chuid seo a thabhairt tríd an gcéim phleanála. Bhronn an Roinn Iompair €4.2 milliún chun an bealach a thógáil idir an Clochán agus an tSraith Salach. Tá luachálaí ceaptha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun éadáil tailte ar an mbealach a chaibidliú. Thug an Roinn Iompair €450,000 do Chomhairle Chontae na Gaillimhe le déanaí chun iarratas a ullmhú don Bhord Pleanála chun bealaí Glasbhealaigh/ Rothaíochta a sheachadadh idir an Clochán agus Suíomh Marconi ag Deirgimleach, Pointe Fionnachtana Shlí an Atlantaigh Fhiáin, agus idir an Clochán agus Mainistir na Coille Móire trí Leitir Fraic. Beidh tuarascáil ar roghnú bealaigh mar chuid den iarratas ar chead pleanála chuig an mBord Pleanála.

- Tá Heather Humphreys, TD, an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail tar éis an cás gnó le haghaidh forbairtí ag cé **Inis Oírr** a cheadú anois. D'ullmhaigh Foireann Oibríochtaí agus Bonneagair Chomhairle Chontae na Gaillimhe an cás gnó agus tá an tionscadal seo liostaithe mar cheann de phríomhghealltanais bonneagair an Rialtais i bplean Tionscadal Éireann 2040. Tugtar aghaidh leis an bhforbairt seo ar shaincheisteanna riosca sábháilteachta a tháinig chun cinn i gcaitheamh na mblianta, go háirithe contúirt ó thonnta ag briseadh thar an gcé. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm leis an bhforbairt aghaidh a thabhairt ar dhúshláin acmhainne a eascraíonn as trácht ard cuairteoirí agus farantóireachta ag úsáid na cé. Le cead an Aire don chás gnó, is féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe dul ar aghaidh anois go dtí na chéad chéimeanna eile den tionscadal lena n-áirítear an próiseas tairisceana don obair.
- D'oibrigh Oifig Ceantair Chonamara de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le Fáilte Ireland chun tacú le **Pointe Fionnachtana Síniú Dheirgimligh** a sheachadadh, lena n-áirítear Stáisiún Marconi agus láthair tuirlingthe Alcock agus Brown.
- D'oibrigh an fhoireann i gConamara i gcomhpháirtíocht le Fáilte Ireland chun an straitéis chomharthaíochta **Wild at Heart** a sheachadadh a chuirfear chun cinn tríd an bhfeachtas margaíochta 'Discover Galway' in idirshéasúr 2021.
- Ó 2018 i leith tá tacaíocht fhoriomlán €1.3 milliún faoi stiúir nó tacaíocht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe tríd an **Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh**. I measc na dtionscadal tá uasghrádú agus bainistíocht conairí ag Corr na Mona, Coillte na Fairche, Doire Abhra, Ceapach Chuais, Sheanadh Mhaca, agus tráinse suntasach oibre ar Ghlasbhealach Chonamara le tacaíocht trí ORIS.
- Maoiníonn ár **Scéim Tacaíochta Pobail** raon d'fhéilte Conamara ar nós Féile Ealaíon an Chlocháin, Féile Siúil Sléibhe Chonamara, Féile Mhic Dara, Coiste Féile Traidphicnic, Féile Imeall an Chloiginn, Féile Traidisiúnta an Chlocháin, Seó Pony Chonamara agus féilte a bhaineann le timpeallacht nádúrtha na réigiún, cosúil le Féile Glas Chonamara agus Seachtain na Farraige, Regatta Húicéirí na Gaillimhe, agus rásaí Húicéir agus currach áitiúla na Gaillimhe agus imeachtaí áitiúla uathúla eile.
- Tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe le forbairt staidéar féidearthachta e.g. Cumann Húicéirí na Gaillimhe chun forbairt ionad cuairteoirí i gConamara a iniúchadh.



Cuan Chloch na Rón, Co na Gaillimhe


# Údarás na Gaeltachta

Aithníodh sa VEDP neart an chultúir Ghaelaigh agus na Gaeilge i gceann scríbe Chonamara agus na nOileán mar dheis mhór d'fhorbairt na turasóireachta, agus tá cuid de na forbairtí is suntasaí ó seoladh an VEDP á dtiomáint ag an bpríomhpháirtí Údarás na Gaeltachta. Tá Údarás na Gaeltachta chun tosaigh i bhforbairt líonra d'ionaid oidhreachta cultúrtha ar fud Chonamara agus na nOileán, agus, ó 2018, tá go leor meicníochtaí nua bunaithe aige chun tacú le tionscal na turasóireachta i nGaeltacht Chonamara. Tá cuid dá n-éachtaí móra san áireamh thíos:

- Thug Údarás na Gaeltachta cúnamh do níos mó ná 15 gnólacht turasóireachta le cúnamh deontais €45,000 chun a **láithreacht dhigiteach ar líne** a fhorbairt agus a fheabhsú agus chuir sé €25,000 ar fáil i **ndeontais chomhairleachta gnó** do 10 oibreoir turasóireachta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19.
- D'óstáil Údarás na Gaeltachta **Ócáid Líonraithe** Chonamara Theas i mí na Nollag 2018 chun comhoibriú agus iarrachtaí tras-chur chun cinn a chothú mar a glaodh orthu sa VEDP. Cuireadh lucht freastail ar an eolas faoin straitéis, samhail agus cuspóirí VEDP Chonamara agus spreagadh iad chun páirt a ghlacadh.
- **Conairí Siúil agus Rothaíochta** – Riarann Údarás na Gaeltachta, thar ceann na Roinne Cosanta Sóisialta, scéimeanna fostaíochta i nGaeltacht Chonamara. Trí na scéimeanna seo tá roinnt conairí siúlóide nua curtha i gcrích agus tá siúlóidí/rotharbhealaí i gCamas agus i Leitir Muilinn ag fanacht le hiniúchadh in 2021 i gcomhar le Comharchumainn pobail áitiúla. Mar fhorbairt ar Shlí Chonamara, tá 35km de shiúloidí cláraithe in 2021 le Sport Ireland.
- **Margaíocht** – Earcaíodh ceathrar oifigeach margaíochta turasóireachta faoi oiliúint trí scéim oiliúna Údarás na Gaeltachta, le hinfheistíocht iomlán de €130,000 (in 2020). Rinne na hoiliúnaithe Teastas sa Turasóireacht Inbhuanaithe (leibhéal 8) saincheaptha arna fhorbairt ag Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan. Tá na hoiliúnaithe anois ag forbairt nithe straiséiseacha is díol spéise do chuairteoirí sa Ghaeltacht i gCarna, Leitir Mealláin agus Árainn/Inis Mór agus forbairt ceann scríbe i nDúiche Sheoigheach agus i gConamara agus sna hOileáin.
- **Forbairt Táirgí** – Ag obair go dlúth le Fáilte Ireland, tá pleananna ag dul ar aghaidh chun ionaid cuairteoirí a fhorbairt i Leitir Mealláin agus Inis Mór (faoin Scéim Deontas Beag New Horizons 2018) agus an ní is díol spéise do chuairteoirí, Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, i gCarna. Rachaidh sé seo chun tairisceana in 2021 agus suiteálfar ábhar léirmhíniúcháin ag gach láithreán. Is í fís fhoriomlán Údarás na Gaeltachta ná branda tarraingteach turasóireachta ar leith a fhorbairt do thionscadail Ghaeltachta ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- Tá Údarás na Gaeltachta ag tacú le pleananna chun Árainn/Inis Oírr a fhorbairt mar cheann scríbe don turasóireacht oideachasúil (tearmann ealaíontóirí, ranganna ceoil etc.) Agus tá dul chun cinn déanta acu maidir le hearcú oifigigh turasóireachta d'Áras Éanna, an t-aon Ionad Ealaíon i gContae na Gaillimhe.
- Thug tacaíocht Údarás na Gaeltachta d'earcaíocht Oifigeach Turasóireachta do **Chósta Chonamara & Árann** cead don ghrúpa líonra margaíochta/tionscail a fhorbairt agus láithreán gréasáin ceann scríbe nua a fhorbairt **www.connemara.ie**



- **Tionscadal Geopháirc Dhúiche Sheoigheach & Western Lakes (JCWL)** – Thacaigh Údarás na Gaeltachta le hearcú Oifigigh Turasóireachta do JCWL ag obair i dtreo na hacmhainní agus na struchtúir a chur ar bun chun stádas Geopháirc Domhanda UNESCO a bhaint amach.
- Tionóladh roinnt **ceardlann um fhorbairt eispéireas** in 2020 agus é mar aidhm leo soláthraithe turasóireachta luathchéime a spreagadh chun a n-eispéiris a fhorbairt agus iad a thabhairt chun margaidh.
- **Féilte** – Thacaigh Údarás na Gaeltachta le forbairt na féile nua Scallop & Seaweed a chuimseoidh limistéar ó Cheantar na nOileáin go Carna. Cuireadh féile 2020 ar ceal ach tá súil acu go leanfaidh sí ar aghaidh in 2022.
- Maidir le **Teach Synge ar Árainn/Inis Meáin**, rinneadh cainteanna tosaigh le húinéirí an tí chun féidearthachtaí a iniúchadh agus tá Údarás na Gaeltachta ag cabhrú lena n-iarratas ar mhaoiniú chun obair deisiúcháin riachtanacha a dhéanamh ar an díon. Luaitear Teach Synge sa VEDP mar dheis turasóireachta chun machnamh a dhéanamh air.
- D'óstáil Údarás sraith **imeachtaí líonraithe ar líne** do ghnólachtaí turasóireachta, agus leanann siad seo ar aghaidh go 2021. Go luath in 2021 tugadh isteach sraith eile **seisiún faisnéise Turasóireachta Mara** do phríomhfhiontair mhara atá ann cheana. Bhí seisiúin dírithe ar nithe is díol spéise do chuairteoirí a fhorbairt agus glacadh go maith leo agus d'fhreastail go leor orthu.
- D'éirigh le Cósta Chonamara & Árann comhfheachtas margaíochta a chur i bhfeidhm chun turasóirí a mhealladh go dtí an ceantar le linn an tsamhraidh i mbliana. Trí chomhoibriú leis na páirtithe leasmhara agus le cúnamh ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, cuireadh feachtas éifeachtach i bhfeidhm le hábhar nua poiblíochta agus íomhánna nua forbartha don cheantar chomh maith. Tá pleananna curtha i bhfeidhm cheana féin le cur leis an dul chun cinn seo in 2022.


Árainn/Inis Oírr, Co na Gaillimhe

# Dún Aonghasa agus Séadchomharthaí Náisiúnta Árainn – OPW











D'fháiltigh ionad cuairteoirí Dún Aonghasa, a osclaíodh i 1999, roimh líon dochreidte de 132,000 cuairteoir in 2019 ach glactar leis go gcaithfear a thaispeántas a nuashonrú do lucht féachana nua-aimseartha. Is iad Tandem Design na dearthóirí ceaptha don tionscadal, agus, i gcomhairle leis an OPW agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tá taispeántas nuálach á tháirgeadh acu a chomhcheanglóidh taighde seandálaíochta ceannródaíoch le gné láidir amhairc chun scéal Dhún Aonghasa a insint ar bhealach tarraingteach agus siamsúil.

Cuid shuntasach den tionscadal foriomlán seo is ea pointí léirmhíniúcháin le hardsonraíocht a shuiteáil ag 10 Séadchomhartha Náisiúnta eile timpeall an oileáin. Táthar ag súil go spreagfaidh sé seo cuairteoirí an tOileán a iniúchadh níos doimhne agus ar an gcaoi sin an t-am cónaithe a mhéadú, agus tá súil againn go mbeidh níos mó rannpháirtíochta ann le hoidhreacht shaibhir Árainn. Tá €450,000 geallta ag Fáilte Ireland don tionscadal seo, agus €150,000 eile maoinithe ag an OPW.



Dún Aonghasa, Árainn/Inis Mór



Gleann Eidhneach, Conamara



Loch Dhoire an Chláir, Co na Gaillimhe


# Mainistir na Coille Móire & Gairdín Múrtha Victeoiriach

Kylemore Abbey & Victorian Walled Garden

Tá Mainistir na Coille Móire & Gairdín Múrtha Victeoiriach ar cheann de na nithe is díol spéise do chuairteoirí in Éirinn agus ceann de na cinn scríbe turasóireachta is mó a bhfuil cuairt á tabhairt air lasmuigh de mhór-réigiún Bhaile Átha Cliath. Bhí an suíomh álainn agus taobh amuigh drámatúil na Mainistreach lárnach chun cuairteoirí a tharraingt go dtí An Choill Mhóir ó osclaíodh é mar ní is díol spéise do chuairteoirí go luath sna 1990í. Mar sin féin, agus í in úsáid mar scoil go dtí 2010, bhí eispéireas nua-aimseartha den chéad scoth in easnamh do chuairteoirí laistigh den Mhainistir. Ba ar an mbonn seo a thug An Choill Mhóir faoi thionscadal mór athléirmhínithe 'Ó Ghlúin go Glúin'. Le cabhair airgeadais ó Scéim Deontas Caipitil Móra agus léargas agus saineolas tionscail a thug Fáilte Ireland do Mhainistir na Coille Móire, seoladh an tionscadal seo go rathúil i samhradh 2019 agus tá Eispéireas Cuairteoirí na Coille Móire feabhsaithe aige, mar atá seasamh Mhainistir na Coille Móire mar phríomhtháirge turasóireachta do Chonamara agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.

Tá sé chomh tábhachtach céanna, i bhfianaise aimsir dothuartha an chósta thiar, a bheith in ann eispéireas iontach a sholáthar do chuairteoirí beag beann ar na heilimintí. Déanann eispéireas na gcuairteoirí 'Ó Ghlúin go Glúin' é sin go díreach. Sular forbraíodh é, chaith cuairteoirí timpeall 15 nóiméad i bhfoirgneamh na Mainistreach, ag teacht ar chúig sheomra a raibh léirmhíniú teoranta iontu. Spreagann an t-eispéireas nua cuairteoirí thart ar 40 nóiméad a chaitheamh sa Mhainistir, agus iad á dtabhairt trí naoi limistéar atá nuachóirithe, athchóirithe agus athléirmhínithe.

Chuir forbairt eispéireas cuairteoirí Mhainistir na Coille Móire agus an obair leanúnach leis an VEDP agus Líonra Turasóireachta Chonamara agus na nOileán go mór le taitneamh na gcuairteoirí; Cumas Mhainistir na Coille Móire codanna luachmhara dá stair agus dá hoidhreacht agus a forbairt bhreise a chaomhnú mar phríomheispéireas cuairteoirí ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.




Mainistir na Coille Móire, Conamara

# Páirc Náisiúnta Chonamara

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

I mí na Nollag 2018, go gairid tar éis seoladh VEDP Chonamara, cheadaigh Fáilte Ireland maoiniú €1.9 milliún i dtreo forbairtí i bPáirc Náisiúnta Chonamara. Tá an tionscadal mar chuid de chomhpháirtíocht straitéiseach leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) chun na haidhmeanna a bhaint amach chun eispéiris ardchaighdeáin do chuairteoirí ag Páirceanna Náisiúnta na hÉireann a fhorbairt tuilleadh agus an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint chun taitneamh na nglún atá le teacht. Cumasófar leis an infheistíocht shuntasach seo bainistiú cuairteoirí níos fearr a dhéanamh agus spreagfaidh sí cuairteoirí fanacht níos faide sa réigiún trí eispéireas áineasa uathúil lasmuigh a sholáthar a dhíríonn ar oidhreacht chultúrtha na Páirce a chomhlánaíonn áilleacht nádúrtha an tírdhreacha.

Cuimseoidh an tionscadal forbairt agus uasghrádú ar roinnt ciliméadar de chosáin nua, limistéar súgartha nádúrtha do leanaí, carrchlós do chuairteoirí agus Conair Áith Aoil nua chun rochtain ar níos mó áiteanna sa Pháirc Náisiúnta a fheabhsú.

Áireofar iad seo a leanas ar na feabhsuithe ar an gcóras conairí áineasa sa Pháirc freisin:

- feabhsúcháin ar Chonair Dúlra Choill Eilís
- inbhuanaitheacht Chosáin Bhinn Ghuaire a fheabhsú
- conair uilechumais a fhorbairt ón bpríomh-charrchlós chun nascadh le Conair Dúlra Choill Eilís
- conair uilechumais a fhorbairt timpeall limistéar locháin na Páirce
- conair chéadfach a fhorbairt
- conair nua feirme a fhorbairt



Binn Ghuaire, Páirc Náisiúnta Chonamara

# Tionchar VEDP go dtí seo

Roimh phaindéim COVID-19 i Márta 2020, bhí móiminteam ag fás ar fud na hearnála turasóireachta i gConamara agus sna hOileáin mar thoradh ar straitéis VEDP a seoladh in 2018. Ní fhacthas a leithéid riamh go raibh an oiread sin páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach ag obair i gcomhar agus an uaillmhian chomhroinnte acu geilleagar na gcuairteoirí a fhás don cheann scríbe.

Ag am an tseolta, bhí áitíocht chóiríochta i gConamara an-íseal i gcomparáid le ceantair eile ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, agus bhí éagsúlacht mhór ann i gcomórtas le háitíocht in óstáin i gCathair na Gaillimhe. Faoi mhí Mheán Fómhair 2019, áfach, thuairiscigh na hóstáin cuntas lárnacha sa réigiún do Fáilte Ireland **meánfhás áitíochta** 11% ar a bhfigiúirí do 2017.

De réir mar a bhí séasúr an tsamhraidh in 2019 ag druidim chun deiridh go luath i gConamara, rinne go leor de na gnólachtaí ancaire turasóireachta an cinneadh **a séasúr a shíneadh** den chéad uair, ag dúnadh níos déanaí ná mar is gnách, nó ag cinneadh athoscailt níos luaithe in 2020.

Agus 2020 ag druidim linn, bhí na gnólachtaí turasóireachta seanbhunaithe i gConamara ag súil le dóchas go méadófaí leibhéil áitíochta mar gheall ar éileamh méadaithe ó mhargaí baile agus thar lear, bhí síneadh leis an séasúr ag tarlú cheana féin, agus bhí go leor foirne fostaithe ag go leor acu agus mar sin bhí **fostaíocht mhéadaithe ann sa turasóireacht**. D'éirigh go maith leis seo go léir le méid muiníne a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta, agus bunaíodh roinnt gnólachtaí turasóireachta nua le linn na tréimhse seo, rud a chuir le fáilte mhór roimh **tháirge agus eispéiris nua turasóireachta** ar na hoileáin amach ón gcósta agus i réimsí amhail Gaeltacht Theas Chonamara.

## Cuirtear cuid de na heispéiris seo in iúl thíos trí theistiméireachtaí ó ghnólachtaí áitiúla sa cheantar...

**Máire O'Connor, Óstán Lóiste Loch Eidhneach**

Bhí dhá bhliain spéisiúil agus dúshlánach ag Óstán Lóiste Loch Eidhneach le linn na paindéime. Mar is amhlaidh le gach duine i dtionscal na turasóireachta, ba mhór againn na freagairtí COVID-19 agus chosain siad ár ngnó. Ghlac ár bhfoireann agus cuairteoirí go dearfach le forbairt Chairt Sábháilteachta COVID-19 agus mar sin comhghairdeas leis an tionscnamh seo.



Ar oscailt dúinn tar éis an chéad dianghlasála i mí Iúil 2020 ba chúis iontais dúinn leibhéal urghnách gnó an mhargaidh baile a lean ar aghaidh i séasúr 2021. Bhí margadh láidir baile againn i gcónaí a tháinig ón gcósta thoir ach feicimid anois fás chomh cóngarach le Cathair na Gaillimhe agus feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Bhí an-áthas orainn páirt a ghlacadh agus leas a bhaint as na feachtais mhargaíochta éagsúla do Chonamara agus do na hOileáin – "Bualadh Bos" mór do gach duine a bhí bainteach leis. Anseo in Óstán Lóiste Loch Eidhneach tá an t-ádh dearg orainn gur éirigh linn ár bhfoireann a choinneáil agus tá an t-ádh linn grúpa gairmiúil a bheith againn a ghlac leis na dúshláin go léir. Chuir an infheistíocht leanúnach i mbonneagar turasóireachta agus i gcláir mheantóireachta a d'eascair as VEDP Chonamara agus na nOileán feabhas ar ár dtairiscint dár gcuairteoirí rialta agus dár n-aíonna nua. Agus seo san áireamh, rinneamar an cinneadh ár séasúr a leathnú agus oscailt níos luaithe in 2022.

### James Sweeney, Óstán Stáisiún an Chlocháin



Idir 2015 agus 2019, bhí fás bliantúil á bhaint amach ag Óstán Stáisiún an Chlocháin i mbeagnach gach KPI. Bhí an áitíocht ag feabhsú i rith gach mí den bhliain, baineadh amach fás suntasach ar rátaí i dtréimhsí ardéilimh agus sa séasúr níos faide bhí an t-óstán in ann uainchlár níos mó d'fhoireann lánaimseartha a choinneáil. Ba é an t-éileamh méadaithe ó thar lear, go háirithe ó Mheiriceá, ba chúis leis an bhfeabhsú seo, agus an toradh níos airde ar an meán in aghaidh gach cuairteora SAM ná aon mhargadh eile. Idir 2015 agus 2019, mhéadaíomar ár n-áitíocht faoi 8% agus d'fhás ár ADR 10%. Ó bhuail paindéim COVID-19 in 2020, táimid ag brath go hiomlán ar an margadh taistil baile. Buíochas le Dia, tá dea-cháil agus stair na turasóireachta in Éirinn ag Conamara mar réigiún, le nithe is díol spéise do chuairteoirí agus eispéiris atá ar aon dul le háit ar bith eile ar domhan. Le 2 bhliain anuas, tá rath ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin ar fad leis an treocht fanachta agus sílim gur bhain Conamara stádas amach dó féin mar cheann de na réigiúin is mó cáil in Éirinn. Le cailliúint na gcuairteoirí idirnáisiúnta, b'éigean dúinn a bheith níos cruthaithí maidir le haíonna a mhealladh sa mhargadh baile iomaíoch. D'éirigh go maith linn i dTeach Stáisiúin an Chlocháin i bpáirtíocht le gnólachtaí áitiúla eile chun taithí iomlánaíoch a chruthú do na cuairteoirí, mar shampla le hÓstán an Dúin Mhóir & Teach Inis Bó Finne ar sos 4 oíche dhá ionad, agus le treoir siúlóide áitiúil chun sos 4 oíche Threoraithe Chonamara a fheidhmiú. Chabhraigh tras-dhíol agus cuimsiú fiontar áitiúil eile linn idirdhealú a dhéanamh idir réimsí iomaitheoirí mar Chathair na Mart agus an Daingean. Bhí CAITN agus an comhoibriú a chothaigh na cruinnithe, lárnach sna fiontair seo a chur ar an bhfód.

### Niall O'Brien, Aran Island Ferries



Bhí spreagadh VEDP Chonamara an-dearfach, ag spreagadh fís agus muinín níos mó i bhforbairt táirgí turasóireachta, bonneagair agus tacaíochtaí nua ar fud Chonamara agus, níos tábhachtaí fós, ó thaobh Aran Island Ferries, na trí Oileán Árann go léir. Feidhmíonn pleanáil straitéiseach den sórt sin mar chatalaíoch chun infheistíocht agus forbairt dhearfach a spreagadh a gcuirtear fáilte i gcónaí ó pheirspictíocht cuairteoirí baile agus thar lear. Ónár gceanncheathrú i Ros an Mhíl, tá Aran Island Ferries go mór mór mar sholáthraí iompair ó Chonamara go dtí na trí Oileán Árann. Mar an bád farantóireachta paisinéirí is mó agus an t-aon cheann atá ann ar feadh na bliana chuig na hOileáin Árann, tá tionchar VEDP Chonamara tar éis éagsúlacht mhéadaitheach cóiríochta a fhorbairt ar na hOileáin Árann, eispéiris nua do chuairteoirí ó ghníomhaíochtaí talún go huisce, agus tá gach ceann acu fabhrach le croíluachanna shaol na n-oileán agus a gcultúr agus oidhreacht. Tá na forbairtí seo ríthábhachtach freisin chun táirge turasóireachta níos inbhuanaithe a chruthú do na hOileáin Árann. I dteannta a chéile, is féidir linn, mar thionscal turasóireachta, tuilleadh gnó a mhealladh nuair is féidir le cuairteoirí eolas a chur ar na hoileáin an athuair agus a dtaithí ar na hOileáin Árann a athnuachan. Tá forbairt den sórt sin ríthábhachtach freisin chun cuairteoirí nua a mhealladh. Fáiltíonn Aran Island Ferries go mór roimh gach ceann acu tar éis leathnú rathúil ár ngnó i mbliana chun Bealach nua Chathair na Gaillimhe chuig Árainn/Inis Mór agus Aillte an Mhothair a áireamh chomh maith lenár mbealach traidisiúnta i Ros an Mhíl. Tugann forbairt dhearfach agus pleanáil straitéiseach don todhchaí muinín do ghnólachtaí mar Aran Island Ferries atá faoi úinéireacht teaghlaigh agus a leanann ag fás, ag athinfheistiú agus ag cruthú fostaíochta i bpobail tuaithe Chonamara agus Oileáin Árann.



**Frankie Moran, Campáil agus Glampáil na hOileáin Árann**

Tá ár ngnó ag síorathrú agus muid ag triail ar bhealaí éagsúla chun ár dtáirge a oibriú agus a dhíol. Cúpla bliain spéisiúil a bhí ann agus b'iontach an rud é a fheiceáil ní hamháin gur tháinig fás ar ár ngnó féin ach gur fhorbair na cuideachtaí iompair, na gníomhaíochtaí agus na heispéiris laistigh de réigiún Árainn/Inis Mór ag an am céanna. Tá an t-Oileán ag athrú go gasta agus tá caighdeán an fháilteachais á ardú i ngach réimse a théann chun leasa an Oileáin agus an chuairteora araon. Bhraith mé go pearsanta go raibh an oiliúint VEDP le Fáilte Ireland an-tairbheach, ba luachmhar dom oiliúint agus líonrú a dhéanamh leosan a bhfuil níos mó taithí acu, chomh maith le líonra comhghuaillithe a fhorbairt sa réigiún. In 2019 nuair a d'oscail muid ar dtús, bhí 4 ball foirne lánaimseartha againn agus in 2021 bhí 13 ball foirne lánaimseartha agus 2 ball foirne páirtaimseartha againn i rith an tSamhraidh. Chuamar freisin ó 9 seomra leapa agus an t-ionad campála in 2019 go 24 seomra leapa agus an t-ionad campála in 2021. Mhéadaigh fad ár séasúr, áitíocht agus ioncam le linn na tréimhse seo. De réir mar a imíonn an t-am, leanfaimid orainn ag foghlaim agus ag forbairt, ag feabhsú agus ag forbairt ár dtáirge, agus ag méadú ioncaim sna blianta amach romhainn.



**Zoe Fitzgerald, Óstán Rinn Mhaoile**

Mar is amhlaidh le gach gnó níl aon am ann chun sos a ghlacadh. Bímid i gcónaí ag obair ar smaointe nua agus muid ag coinneáil agus ag feabhsú an fháilte chroíúil agus an fháilteachais a thugtar dár n-aíonna in Óstán Rinn Mhaoile. Bhí deis againn le cúpla bliain anuas cuid dár bhfoghlaim ó oiliúint VEDP Fáilte Ireland ón mbliain 2019 a chur i bhfeidhm. Ba mhór an tairbhe a bheith ag obair leis an oiread sin fiontar turasóireachta éagsúil agus líonra maith a bheith forbartha roimh an bpaindéim, a d'aistrigh go héasca do na meáin shóisialta le linn na tréimhse sin chun an turasóireacht a choinneáil beo in intinn daoine. Táimid tar éis cinneadh a dhéanamh chun fanacht ar oscailt i gcaitheamh na bliana agus tá súil againn go dtógfaidh sé séasúr níos láidre do chách i réigiún Chonamara. Leanfaimid orainn ag forbairt a bhfuil ar fáil againn dár n-aíonna.



**Jonathan Powell, Siopa Rothar an Chlocháin/All Things Connemara**

Is gnólacht muid atá lonnaithe sa Chlochán a sholáthraíonn seirbhís, miondíol agus meangadh gáire maith i gConamara. Tá ár dtrí bhealach gnó de All Things Connemara, Siopa Rothar an Chlocháin agus treoir do chuairteoirí Connemara ag forbairt a bhuíochas le hobair dian, eolas agus oiriúnú, ní hamháin trí chomhtháthú, ach trí bheith ag obair le daoine eile agus chun leasa daoine eile, agus mar gheall ar chroíchaighdeán seirbhís táirgí agus bia chomh maith. Taispeánann ár KPIanna treochtaí móra go háirithe leis an mborradh rothair agus an treoir do chuairteoirí. Idir 2016 agus 2019 léirigh muid méadú 61% ar dhíolacháin, agus cé go raibh 2020 síos 55% i gcomparáid le 2019 (44% le Deontais rialtais san áireamh) bhí sé inmharthanach go maith. Tá 2021 suas 30% ar 2020, ach ar ndóigh tá laghdú 46% ann fós ar 2019, ach tá an ráithe dheireanach le dul fós. Mar sin, leis an gcomhtháthú, an idirshéasúr a leathnú, díolacháin ar líne, comhoibrithe aontaobhacha agus margaíocht a chuireann Conamara chun cinn, dar liom – is féidir fad saoil a bhaint amach agus a chothromú.

**Andrew Murray, Óstán an Dúin Mhóir, Inis Bó Finne**




Tar éis mo 8ú séasúr a chríochnú ag bainistiú óstán ár muintire, níl aon amhras ach go raibh an 2 cheann deireanach deacair. Mar sin féin, bhí go leor le foghlaim uathu, spreag siad smaointe agus fuinneamh, agus bhí siad ina eispéireas foghlama an-dearfach. Rinneamar oiriúnú agus d'éirigh linn, le cabhair ó fhoireann iontach. Tá ár rátaí áitíochta ag ardú go seasta ach bhuail siad na leibhéil is airde i mbliana 2021, Meán Fómhair san áireamh. Chuaigh an obair chrua ar fad a chuireamar isteach le blianta beaga anuas chun tairbhe dúinn nuair a tháinig Éireannaigh, a raibh formhór ár gcliant comhdhéanta díobh i gcónaí le 52 bliain anuas, chun tacú lenár ngnó sna sluaite. Tá buíochas tuillte ag Fáilte Ireland freisin le blianta beaga anuas as an tacaíocht a thugann sé agus as an gcur chun cinn atá déanta aige ar an gceantar chomh maith le cairdeas agus comhoibriú a threisiú idir an oiread sin gnólachtaí sa réigiún. Táim ag tnúth anois leis na blianta amach romhainn agus neart dóchais agam; le rath leanúnach, le hidirshéasúir ghnóthacha agus leis na chéad chaibidlí eile dár scéal ar leith.

**Padraig Hernon, Aran Off Road Experience**




Haigh. Padraig is ainm domsa. Bhunaigh mo dheartháir Aonghus agus mé féin Aran Off Road Experience i mí Feabhra 2020. Is soláthraí turasóireachta muid atá bunaithe ar Árainn/Inis Mór. Tugaimid cuairteoirí ar eispéiris easbhóthair ar Árainn/Inis Mór atá go hiomlán faoi threoir. Tá feithicil saincheaptha Land Rover Defender 4X4 J13 suíochán Jeep againn. Mar gheall ar ár bhfeithicil uathúil, is féidir linn tú a thabhairt ar bhóithre agus ar bhóithríní nach féidir le haon fheithicil eile rochtain a fháil orthu. Creidimid i gcoincheap na turasóireachta mall agus taiscéalaíocht cheart a dhéanamh ar cheann scríbe. Nuair a d'oscail muid ár ngnó ní rabhamar ach ag socrú do shéasúr an tsamhraidh 2020 agus ansin chuir COVID-19 isteach ar ár bpleananna! Mar sin féin, táimid an-mhuiníneach agus dóchasach faoi thodhchaí ár gcuideachta. Lean ár ngnó ag fás ó shin agus rinneamar infheistíocht shuntasach le déanaí agus feicimid todhchaí gheal romhainn do Aran Off Road Experience.

**Carol Hinch, Óstán Chaisleán Bhaile na hInse**



Tá ríméad ar Óstán Chaisleán Bhaile na hInse a bheith mar chuid den Tionscadal VEDP le cúig bliana anuas. Tar éis dom suí ar go leor coistí agus grúpaí gníomhaíochta le 20+ bliain anuas chun Conamara a chur chun cinn, bhí tionscadal VEDP dírithe go mór ar aidhmeanna agus straitéisí soiléire le foghrúpaí oibre ag baint amach na gcuspóirí seo. Ba mhór an tairbhe dár ngnó iad céimeanna 1 & 2 de Ghlasbhealach Chonamara, ní amháin dár n-aíonna ach mar thaitneamhacht do gach duine, idir mhuintir na háite agus chuairteoirí ar an gceantar. Mar gheall ar líon na ndaoine a bhí ag teacht ar an

eastát ón nGlasbhealach níor mhór dúinn an Garden Café, asraon breise bia agus dí atá suite sa ghairdín múrtha, a chur leis. Chuaigh an infheistíocht i Mainistir na Coille Móire chun leasa dúinn uile freisin le ní is díol spéise do chuairteoirí den chéad scoth ar leac an dorais againn. Cinnteoidh na tionscadail atá ar bun agus ar an bplean fadtéarmach go mbeidh Conamara mar cheann scríbe ar an liosta buicéad do chuairteoirí baile agus idirnáisiúnta araon go ceann blianta.

Táimid ag tnúth le leanúint lenár dtacaíocht leis an tionscadal VEDP sna blianta beaga amach romhainn.



**Alex Goor, Killary Fjord Boat Tours**

Tá ríméad ar Killary Fjord Boat Tours a bheith mar chuid de VEDP Connemara. Neartaigh sé an caidreamh idir muid féin agus gnólachtaí eile agus spreagann sé trasdhíol laistigh den réigiún. Bhí ceardlanna Chlár Gníomhachtaithe Fáilte Ireland ar ardchaighdeán agus ba mhór an tairbhe a bhí le baint astu. Ó chuaigh muid isteach sa VEDP tá cinneadh déanta againn ár séasúr a leathnú in 2022.




**Diarmuid Ó Mathuna, Caifé POTA**

Is caifé úrnua é POTA i gcroílár Ghaeltacht Chonamara – blas barántúil ar Chonamara le casadh nua-aimseartha. D'osclaíomar na doirse i lár mhí an Mheithimh 2021 agus ba é an aisling a bhí againn an bia is fearr atá le tairiscint ag Gaillimh a thaispeáint i gcaifé dátheangach. Le Cuan Ros an Mhíl agus Oileáin Árann ar leac an dorais agus radharc táirgeoirí bia ceardaí ag dul timpeall air, is é aidhm POTA ná pobal a chothú timpeall ar bhia inbhuanaithe, blasta. Tá an caifé suite ar urlár na talún d'fhoirgneamh tuí álainn. Tá cuma traidisiúnta ar an gcaifé taobh amuigh ach mothú comhaimseartha taobh istigh. Seo a bhfuil i ndán do POTA, cur chuige nua-aimseartha atá bunaithe ar oidhreacht chultúrtha shaibhir an cheantair. Tar éis fanacht 12 mhí le hoscailt, shíl mé go mbeadh ball foirne nó dhó ag teastáil uainn. Bhíomar chomh gnóthach i rith shamhradh 2021 go raibh orainn a dhá oiread a fhostú. Táim an-dóchasach faoin méid atá le déanamh sa todhchaí leis an méid atá le déanamh agus le feiceáil sa cheantar agus táirgeoirí iontacha den sórt sin timpeall orainn.



Eas Liath, Conamara, Co na Gaillimhe

# A bhfuil i ndán do Chonamara

Ag tráth priontála, bhí athbhreithniú ar dhul chun cinn VEDP Chonamara ar siúl, faoi stiúir Chathaoirligh CAITN, leis na príomhghníomhaireachtaí Fáilte Ireland, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta. De réir mar a tháinig séasúr 2021 chun deiridh tháinig na comhpháirtithe le chéile chun an obair iontach ar fad atá curtha ar fáil ó seoladh an plean in 2018 a mheas agus iarrachtaí CAITN a athfhócasú go 2022. Taispeánann an t-athbhreithniú seo go bhfuil thart ar 78% de na gníomhartha VEDP go dtí seo críochnaithe, nó ar siúl. Ach tá go leor le déanamh fós.

Tá na príomhthéamaí seo a leanas ag teacht chun cinn mar thosaíochtaí le díriú orthu agus muid ag dul isteach sa chéim dheiridh de shaol an VEDP i gConamara:

- **Tionscadail Chatalaíoch** – Forbairt leanúnach ar Ghlasbhealach Chonamara agus Páirc Náisiúnta Chonamara, Comhtháthú ar Chonairí a Fhorbairt le haghaidh Siúl agus Rothaíocht Chósta agus Intíre, agus Tionscadail Scéim na nDeontas Beaga New Horizons
- **Baile Cinn Scríbe, an Clochán** – Cur i bhfeidhm na straitéise slí agus léirmhíniúcháin don Chlochán, sraith léarscáileanna, comharthaíocht agus 'comhfhorbairt áite', feabhsúcháin ar an réimse poiblí agus tograí 'Ullmhacht an Ghlasbhealaigh', a bheidh á gcomhordú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus mar bhonn taca ag an tionscadal mór **Ciste Forbartha Athghiniúna Tuaithe**. Cuirfidh an fhís fhoriomlán seo don Chlochán feabhas mór ar an mbealach a dhéanann daoine áitiúla agus cuairteoirí eolas a bhealaigh agus an bealach a bhaineann siad úsáid as príomhbhaile Chonamara.
- **Gabh chuig na Tonnta** – Gréasán Ghormbhealach Chósta Chonamara a thógáil, agus líonraí Earnála Eachtraíochta, agus Deiseanna Turasóireachta Luána a iniúchadh.
- **Féilte agus Imeachtaí** – Ceardlanna Dea-Chleachtais agus Foirne Uirlisí, tacaíocht d'fhéilte nua agus d'fhéilte atá ann cheana i gConamara lena n-áirítear Regattas le Húicéirí na Gaillimh agus rásaí Curach.
- **Oileáin Cloiche** – déanfaidh fochoiste Oileáin CAITN iniúchadh ar aon deiseanna forbartha atá indéanta do na trí Oileán Árann agus Inis Bó Finne.
- **Aimsigh Cultúr Gaelach Beoga** – Tacaíocht do thionscnaimh faoi stiúir Údarás na Gaeltachta a chuireann eispéiris na hÉireann agus na hoidhreachta cultúrtha chun cinn ar fud Chonamara mar Teach Synge, Ionad Cuimhneacháin na nImirceach Carna, Ionaid Oidhreachta Leitir Mealláin agus Árann, Áras Éanna.
- **Láithreacht Dhigiteach Ar Líne** – Fócas ar láithreacht dhigiteach an chinn scríbe a athrú, ioncam a ghintear trí bhealaí ar líne a mhéadú, trí thionscnamh Digital That Delivers Fáilte Ireland.
- **Bainistiú Cuairteoirí agus Réitigh Phlódaithe**
- **Deiseanna maidir le hInbhuanaitheacht, Éiceathurasóireacht agus Spéartha Dorcha**

Leanfar leis an ngníomhaíocht seo ar fad a stiúradh agus a chomhordú trí bhaill CAITN go dtí deireadh 2022, agus fiosrófar athchóiriú beartaithe ar struchtúr CAITN, d'fhonn an líonra agus a éiteas comhpháirtíochta agus comhoibriú leis na páirtithe leasmhara turasóireachta go léir i gConamara a dhaingniú.

# Ballraíocht de Ghrúpa Forfheidhmithe CAITN
(Samhain 2021)

| Ainm | Gnó/Comhlachas/Gníomhaireacht | Ionadaíocht / Earnáil |
|---|---|---|
| Dominic O Mórain, Comhchathaoirleach | Lóiste Loch Eidhneach | IHF/Óstáin |
| Terence O'Toole, Comhchathaoirleach | Teachíní Love Connemara | ISCF/Earnáil Féinfhreastail |
| Siobhán Bennett | Féile Siúil Shléibhte Chonamara/ Teachíní Chósta Chonamara | Féilte & Imeachtaí/Siúil/ Earnáil Féinfhreastail |
| Cillian de Grás OPW | Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh/ Dún Aonghusa | Nithe is Díol Spéise do Chuairteoirí |
| Ruth Mulhern | Comhairle Chontae na Gaillimhe | Údarás Áitiúil |
| Alan Farrell | Comhairle Chontae na Gaillimhe | Údarás Áitiúil |
| Michéal Ó Clochartaigh | Forbairt Chonamara Láir Teo | Comharchumainn Ghaeltachta & Chonamara |
| Máirín Choisdealbha-Seoighe | Forbairt Chonamara Láir Teo | Gaeltacht Lár Chonamara |
| Jonathan Powell | All Things Connemara | Gníomhaíochtaí |
| Conor Coyne/Jessica Ridge | Mainistir na Coille Móire | Nithe is Díol Spéise do Chuairteoirí |
| John Dee | Notre Dame @ Mainistir na Coille Móire | Notre Dame |
| William Cormacan | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra | Páirc Náisiúnta Chonamara |
| Ciara Ní Fhátharta | Comhlacht Forbartha Inis Meáin | Forbairt Pobail Inis Meáin |
| Andrew Murray | Óstán an Dúin Mhóir | Forbairt Óstáin & Inis Bó Finne |
| Meadbh Seoighe | Údarás na Gaeltachta | Gaeltacht/an Ghaeilge |
| Steve Ó Cúláin | Cósta Gaelach Chonamara & Árainn | Líonra Turasóireachta na Gaeltachta |
| Lisa Nic Mhathúna | Cósta Gaelach Chonamara & Árainn | Líonra Turasóireachta na Gaeltachta |
| Brendan O'Malley | Fóram Chonamara | Oifigeach Áineasa Tuaithe |
| Karen Mannion | Fóram | Connemara Leader |
| Cliona Standún | Standún | Miondíol |
| Justin Keogh | Keogh's in Uachtar Ard | Miondíol/Uachtar Ard |
| David Keane | Oisrí Chonamara DK | Soláthraí Bia/Blas an Atlantaigh |
| Shane Young | Cuideachta Eachtraíochta an Chaoláire Rua | Eachtraíocht/Gníomhaíochtaí |
| Carol Hinch | Óstán Chaisleán Bhaile na hInse | Óstáin |
| Diarmuid Ó Conghaile | GMIT Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo | Oideachas |
| Clodagh Ní Ghoill | Gréasán Gnó Árainn | Líonra Gnó Árann |
| John Sweeney | Cumann Tráchtála Chonamara | Pobal Gnó Chonamara |
| Dean Gibson | Óstán Connemara Sands | Óstáin |
| James Sweeney | Óstán Stáisiún an Chlocháin | Óstáin |
| Miriam Kennedy | Fáilte Ireland | Forbairt Turasóireachta |
| Daithi Gallagher | Fáilte Ireland | Forbairt Turasóireachta |
| Letitia Wade | Fáilte Ireland | Forbairt Turasóireachta |
| Agnes O'Donnell | Fáilte Ireland | Forbairt Turasóireachta |



Bothár na Spéire, An Clochán, Co na Gaillimhe



Inis Bó Finne, Co na Gaillimhe


Le haghaidh tuilleadh faisnéise, dean teagmháil le:

Letitia Wade
Oifigeach Tionscadal, Slí an Atlantaigh Fhiáin, Gaillimh
Fáilte Ireland

E: Letitia.Wade@failteireland.ie
T: +353 (0)87 636 2858

Agnes O'Donnell
Cúntóir Clár, Slí an Atlantaigh Fhiáin, Gaillimh
Fáilte Ireland

E: Agnes.ODonnell@failteireland.ie
T: +353 (0)86 067 2022



FI-140479-WAW-1121